Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7483/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0045(COD)**

**CODEC 350**
**TELECOM 117**
**COMPET 177**
**MI 224**
**CONSOM 70**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 24 Feabhra 2021, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 7 Iúil 2021[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún ach chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 24 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

1 6532/21 + ADD 1 go 6.
2 IO C 374, 16.9.2021, lgh. 28–32.
3 7442/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 86/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.